Coimisiún na Meán

# Dréachtrialacha maidir le Saothair Eorpacha le haghaidh Seirbhísí Meán Closamhairc ar Éileamh

Dáta Foilsithe: 29 Aibreán 2026

Spriocdháta le haghaidh freagartha: 10 Meitheamh 2026

# Clár

1. Réamhrá ... 1
2. Raon agus Dlínse ... 2
3. Cuspóir agus Ullmhú na Rialacha ... 2
4. Prionsabail Rialála atá Ábhartha maidir leis na Rialacha ... 3
5. Inscoiteacht ... 3
6. Tarscaoileadh ... 4
7. Sainmhínithe ... 4
8. Oibleagáidí Cuóta ... 5
9. Oibleagáidí maidir le Feiceálacht ... 6
10. Díolúintí ... 7
11. Faireachán agus Tuairisciú ... 11
12. Comhlíonadh agus Forfheidhmiú ... 12
13. Athbhreithniú ar na Rialacha ... 13

DRÉACHT



Public

# 1. Réamhrá

1.1 Déanann Coimisiún na Meán (“an **Coimisiún**”) na Rialacha seo i bhfeidhmiú a fheidhmeanna agus a chumhachtaí faoi Chuid 10A den Acht Craolacháin 2009 arna leasú (“an **tAcht**”) agus, ar bhealach níos sonraí, forbraítear leo an seasamh a leagtar amach in ailt 159A, 159B(3), 159B(6), 159C(3), 159C(6) agus 159I(1).

1.2 Leis na Rialacha seo tugtar éifeacht, faoi réim feidhme an Achta, d’oibleagáidí an Stáit maidir le cur chun cinn saothar Eorpach i seirbhísí meán closamhairc ar éileamh de bhun Airteagal 13(1) de Threoir 2010/13/AE, arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808 an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (AVMSD), mar a thrasuitear i ndlí na hÉireann le Cuid 10A den Acht.

1.3 Faoin Acht, ní mór do sholáthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh (dá ngairfear “**soláthraithe físeáin ar éileamh**” anseo feasta) faoi dhlínse an Stáit, an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) A chinntiú nach mbeidh an sciar de shaothair Eorpacha i ngach catalóg de sheirbhís meán closamhairc níos lú ná 30% mar a leagtar amach in alt 159B(1); agus

b) Na bearta a shonraítear sna Rialacha seo agus atá leagtha amach ag an gCoimisiún, mar a ordaítear faoi alt 159C(3) chun feiceálacht saothar Eorpach a chinntiú i ngach catalóg den sórt sin (alt 159C(1)).

1.4 Leis na Rialacha seo leagtar amach:

a) An modh chun a chinneadh cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon soláthraí físeáin ar éileamh 30% de na hoibleagáidí saothar Eorpach in alt 159B(1);

b) Na bearta nach mór do sholáthraithe físeáin ar éileamh a dhéanamh chun feiceálacht saothar Eorpach a chinntiú ina gcatalóga, chun críocha alt 159C(1);

c) Na critéir agus na tairseacha faoina bhféadfar déileáil le soláthraithe físeáin ar éileamh mar sholáthraithe ag a bhfuil láimhdeachas íseal, lucht féachana íseal, chun críocha alt 159B(2)(a);

d) Na himthosca ina bhféadfaidh an Coimisiún, faoi alt 159I(1) seirbhís a dhíolmhú ó na hoibleagáidí in alt 159B(1) agus/nó 159C(1) de bharr chineál nó théama ginearálta na seirbhíse; agus

e) Na taifid, an fhaisnéis agus na gníomhaíochtaí comhlíonta a éilítear chun faireachán agus maoirseacht a dhéanamh faoi alt 159B(6) agus 159C(6).

1.5 Leis na Rialacha seo, ní dhéantar foráil maidir le díolúintí ó aon tobhach a fhorchuirtear faoi alt 159E den Acht. Féadfar aghaidh a thabhairt ar aon díolúintí den sórt sin i rialacha ar leithligh faoi alt 159I(1).

DRÉACHT

# 2. Raon agus Dlínse

2.1 Tá feidhm ag na Rialacha seo maidir leis na soláthraithe seirbhíse meán closamhairc uile ar éileamh faoi dhlínse an Stáit de réir bhrí alt 2A den Acht agus phrionsabal na tíre tionscnaimh in AVMSD.

2.2 Chun críocha na Rialacha seo, tá feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar amach faoi alt 159B(1) agus 159C(1) maidir le gach catalóg, le haghaidh gach seirbhíse físeáin ar éileamh ar leithligh a chuireann an soláthraí seirbhíse meán ar fáil, maidir le húsáideoirí in aon Bhallstát den Aontas Eorpach nó Stát Eorpach eile lena mbaineann AVMSD i gcomhréir le prionsabal na tíre tionscnaimh in AVMSD.

2.3 I gcás ina bhfuil coinbhleacht ann idir na Rialacha seo agus forálacha an Achta Craolacháin 2009, beidh tosaíocht ag an Acht Craolacháin 2009.

2.4 Leathnaíonn raon feidhme na Rialacha seo chuig aon seirbhís a oibríonn soláthraí seirbhíse meán agus a thagann faoi dhlínse na hÉireann lena n-áirítear:

2.4.1 Seirbhís a chuirtear ar chlár soláthraithe seirbhíse meán atá faoi dhlínse an Stáit agus a sholáthraíonn seirbhísí meán closamhairc ar éileamh a chaomhnaíonn an Coimisiún faoi Chuid 10A den Acht;

2.4.2 agus, freisin, aon seirbhís eile atá faoi réir clárú mar sheirbhís meán closamhairc ar éileamh faoi alt 46 den Acht i gcás ina mbeidh fógra faighte faoi alt 46D den Acht, nó de rogha air sin, i gcás nach mbeidh aon fhógra faighte ag an gCoimisiún faoi alt 46F den Acht ach go measann an Coimisiún go bhfuil soláthraí faoi alt 46F den Acht ina sholáthraí nó ina sholáthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh.

# 3. Cuspóir agus Ullmhú na Rialacha

3.1 Tá sé de chuspóir ag na Rialacha seo:

a) Éifeacht a thabhairt do na hoibleagáidí a thagann chun cinn faoi alt 159B(1) agus 159C(1) den Acht;

b) Modheolaíocht theidealbhunaithe a bhunú chun an sciar 30% de shaothair Eorpacha i ngach catalóg a ríomh;

c) Creat intomhaiste a shonrú chun feiceálacht saothar Eorpach a chinntiú;

d) Critéir shoiléire a leagan amach le haghaidh díolúintí ar bhonn láimhdeachas íseal, lucht féachana íseal agus ábhar cúng, i gcomhréir le halt 159B(2), 159C(2) agus 159I(1); agus

e) Foráil a dhéanamh maidir le socruithe tuairiscithe, faireacháin agus fíoraithe atá i gcomhréir le feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin.

3.2 Ullmhaíodh na Rialacha i gcomhréir le halt 159A, 159B, agus 159C, 159D, agus 159I den Acht, ag féachaint don mhéid seo a leanas:


DRÉACHT

3.2.1 Cuspóirí agus forálacha AVMSD lena n-áirítear Airteagal 13(1) agus Aithris 35;

3.2.2 Treoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh a eisíodh de bhun Airteagal 13(7) AVMSD;

3.2.3 I leith alt 159B(1) go sonrach, aon tuarascálacha ábhartha arna dtabhairt ar aird ag an mBord Eorpach um Sheirbhísí Meán a bhunaítear faoi Airteagal 8 EMFA;

3.2.4 Measúnú ar shaintréithe ábhartha an mhargaidh ina n-oibríonn an soláthraí seirbhíse meán lena n-áirítear láimhdeachas an tsoláthraí ón tseirbhís sa mhargadh agus líon na ndaoine de lucht féachana na seirbhíse sa mhargadh (comhréireacht); agus

3.2.5 An gá lena chinntiú go mbeidh socruithe rialála cothrom, comhsheasmhach, trédhearcach agus comhréireach, agus go n-íoslaghdófar ualaí riaracháin nach gá ar eintitis rialáilte.

# 4. Prionsabail Rialála atá Ábhartha maidir leis na Rialacha

4.1 I léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Choimisiúin ar na Rialacha, gníomhóidh sé ar bhealach dleathach, réasúnach agus cothrom, i gcomhréir lena dhualgais dlí phoiblí agus lena chuid cuspóirí agus feidhmeanna reachtúla faoi alt 159A, 159B(3), 159B(6), 159C(3), agus 159I(1) den Acht.

4.2 Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar an méid seo a leanas:

a) Cuspóir na héagsúlachta cultúrtha;

b) A inmhianaithe atá sé saothair Eorpacha a sholáthar don lucht féachana is leithne is féidir;

c) forbairtí teicneolaíochta;

d) forbairtí sna margaí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh; agus

e) aon tuarascálacha ábhartha a thugann an Bord Eorpach um Sheirbhísí Meán ar aird.

4.3 Go sonrach, gníomhóidh an Coimisiún i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

a) a chuspóirí agus feidhmeanna reachtúla ginearálta faoin Acht;

b) na cuspóirí reachtúla sonracha atá mar bhonn faoi na Rialacha, lena n-áirítear cur chun cinn agus feiceálacht saothar Eorpach; agus

c) na cearta a thugtar leis an mBunreacht, leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ag féachaint de réir mar is infheidhme faoin Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, agus faoi Chonarthaí an Aontais Eorpaigh.

# 5. Inscoiteacht

5.1 Má chinntear go bhfuil aon mhír, nó aon fhomhír de mhír de na Rialacha neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmiscthe, neamh-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhme (ar bhonn ginearálta nó i leith soláthraí nó soláthraithe meán ar leith) ar bhealach ar bith, ar bhonn aon dlí (lena



DRÉACHT

n-áirítear an Bunreacht agus an dlí Eorpach), leis an gcinneadh sin, ní dhéanfar difear do dhlíthiúlacht, bailíocht, in-fhorfheidhmitheacht ná infheidhmitheacht aon fhorála eile de na Rialacha ná cuid díobh, mura rud é go ndearbhaítear go bhfuil an toradh infheidhme maidir le cibé foráil eile nó cuid di, nó go bhfuil an méid sin faoi réir an fhaoisimh arna dheonú ag cúirt.

5.2 Gan dochar do Riail 5.1, leanfaidh gach ceann de na míreanna agus/nó de na codanna eile de na Rialacha de bheith go hiomlán éifeachtach, infheidhme agus in-fhorfheidhmithe. A mhéid is gá, is amhlaidh a bhainfear de na Rialacha aon fhoráil nó cuid de na Rialacha a chinntear a bheith neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmiscthe, neamh-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhmithe.

# 6. Tarscaoileadh

6.1 Más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon aighneacht, measúnú, togra, tuairisc, ráiteas comhoiriúnachta ná d'aon doiciméad analógach a chuireann soláthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh faoina bhráid, nó nach ndéanann sé trácht air sin, ní mheasfar uaidh sin gur glacadh le hinneachar aon chuid den chéanna nó gur faomhadh í, ná ní thuigfear uaidh sin gur chomhlíon an soláthraí seirbhíse meán a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoin Acht agus/nó faoi na Rialacha.

6.2 Gan dochar don mhéid roimhe seo, más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon doiciméad den sórt sin ná nach ndéanann sé trácht air; ní chruthófar urbhac in aghaidh an Choimisiúin leis, ná ní tarscaoileadh ón gCoimisiún a bheidh ann maidir le haon cheann dá chumhachtaí nó dá chearta de bhun an Achta agus/nó an Chóid.

6.3 Féadfaidh an Coimisiún treoir ghinearálta neamhcheangailteach a chur ar fáil maidir le forálacha na Rialacha ach sin a bheith iarrtha nó de réir mar, agus nuair, a mheastar gur gá sin. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart treoir a fhoilsiú agus a leasú ó am go ham de réir mar is cuí leis an gCoimisiún. Ní mór a áireamh sna hiarratais ar threoir an t-ábhar ábhartha atá nasctha leis an iarratas ar threoir. Ba cheart a lua go soiléir san iarraidh an chuid nó na codanna de na Rialacha, a gcreideann an t-iarrthóir go bhfuil sí nó siad ábhartha, agus ba cheart a leagan amach inti na ceisteanna sonracha ar mhaith leis an iarratasóir tuairim a fháil ina leith. Ní ghlacann an Coimisiún le haon dliteanas as aon chinneadh (ná iarmhairt uaidh) a dhéantar tar éis treoir ghinearálta neamhcheangailteach a fháil ón gCoimisiún.

# 7. Sainmhínithe

7.1 Sna Rialacha seo:

- Ciallaíonn "Acht" an tAcht Craolacháin 2009, arna leasú
- Ciallaíonn "Corparáid" RTÉ nó TG4 nó iad araon, de réir mar a bheidh.
- Is éard is brí le "Saothair Eorpacha" an bhrí a thugtar dó in alt 159A den Acht.
- Is éard is brí le "Seirbhís meán closamhairc ar éileamh" (dá ngairfear "seirbhís físeáin ar éileamh" anseo feasta) an bhrí a thugtar dó in alt 2 den Acht.

- Is éard is brí le “Soláthraí seirbhíse meán” an bhrí a thugtar dó in alt 2 den Acht.
- Ciallaíonn “Feiceálacht” infheictheacht agus inrochtaineacht saothar Eorpach laistigh de chatalóg lena n-áirítear suíomh, lipéadú, inchuardaitheacht, moladh agus léiriú na saothar sin, gan bheith teoranta dóibh, ar bhealach lena n-éascaítear rochtain ar na saothair sin, i gcomhréir le halt 159C(4) den Acht.

# 8. Oibleagáidí Cuóta

8.1 Cinnteoidh soláthraí físeáin ar éileamh go bhfuil 30%, ar a laghad, den líon iomlán teideal i ngach catalóg de gach seirbhís a sholáthraíonn sé nó sí ina saothair Eorpacha mar a mhínítear in alt 159(1).

8.2 Maidir le ríomh an sciar de shaothair Eorpacha:

a) Déanfar sin de réir líon na dteideal, agus

b) Cuirfear sin i bhfeidhm ar leithligh maidir le gach catalóg a chaomhnaíonn seirbhís sholáthraí an fhíseáin ar éileamh.

8.3 Dá réir sin, comhfhreagraíonn “teideal” don mhéid seo a leanas:

8.3.1 aon phríomhscannán teilifíse amháin; nó

8.3.2 aon séasúr amháin de shraith teilifíse. I gcás nach ndéanfar sraith theilifíse a choimisiúnú de réir an tséasúir, mar shampla i gcás sraith leanúnach (e.g sobalchlár nó cláir tráth na gceist), comhfhreagraíonn teideal saothar Eorpach amháin do léiriúchán aon bhliana amháin.

8.4 Aithníonn an Coimisiún gurb amhlaidh an cás, de réir a chéile, le haghaidh cláir theilifíse áirithe, atá an costas faid agus léiriúcháin céanna ag baint leo atá ag baint le scannáin. Sna cásanna sin, is féidir gurb iomchuí ualú níos airde a thabhairt do chlár ar leith i sraith theilifíse agus an sciar de Shaothair Eorpacha á ríomh. I gcás eipeasóidí sonracha de shraith theilifíse, ní féidir a mheas gur teideal saothar Eorpach neamhspleách atá iontu ach amháin ar bhonn eisceachtúil agus i gcás ina bhfuil feidhm ag an méid seo a leanas:

a) Comhfhreagraíonn an eipeasóid go garbh d’fhad tipiciúil príomhscannáin; agus
b) Comhfhreagraíonn costas eipeasóide go garbh do mheánbhuiséad príomhscannáin.

8.5 Chun críocha alt 159B(1) den Acht, measfar gur chomhlíon soláthraí físeáin ar éileamh an ceanglas sciar más rud é, ar feadh na tréimhse tuairiscithe ábhartha:

a) Nach dtitfidh cion na dteideal i ngach catalóg a cháilíonn mar shaothair Eorpacha faoi bhun 30%; agus

b) Go ndearna an soláthraí faireachán agus bainistíocht ar inneachar d’fhonn 30%, ar a laghad, den sciar de shaothair Eorpacha a choinneáil ar bhonn leanúnach.

8.6 Chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh alt 159B(1) den Acht, féadfaidh an Coimisiún measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an sciar de shaothair



DRAFT

Eorpacha i ngach catalóg an ceanglas i Riail 8.1 trí thagairt d'fhaisnéis a chuireann an soláthraí isteach tríd an tuarascáil chomhlíontachta bhliantúil, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le comhdhéanamh na catalóige ag pointí tagartha sonracha nó ar feadh tréimhsí tagartha sainithe le linn na bliana tuairiscithe, arna chinneadh ag an gCoimisiún tríd an teimpléad tuairiscithe nó trí threoir a ghabhann leis sin.

8.7 Féadfaidh an Coimisiún treoir a eisiúint maidir le conas déileáil le catagóirí inneachair ar leith, lena n-áirítear saothair agus bailiúcháin ghairide, chun a chinntiú go gcuirfear an mhodheolaíocht theidealbhunaithe i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach agus go mbeifear ag ailíniú le treoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh.

# 9. Oibleagáidí maidir le Feiceálacht

9.1 I gcomhréir le halt 159C(1) den Acht, déanfaidh soláthraí físeáin ar éileamh bearta iomchuí agus comhréireacha chun a chinntiú go dtaispeánfar saothair Eorpacha ar bhealach feiceálach agus gur féidir iad a aimsiú go héasca laistigh de gach catalóg de gach seirbhís.

9.2 Chun críocha alt 159C(3) den Acht, cuirfidh soláthraí físeáin ar éileamh chun feidhme clibeáil agus lipéadú meiteashonraí córasach ar shaothair Eorpacha ionas gur féidir iad a shainaithint ar bhealach iontaofa chun críoch cuardaigh, molta scagtha agus tuairiscithe.

9.3 Chun críocha alt 159C(3) den Acht, ní mór do sholáthraí físeáin ar éileamh ceann amháin, ar a laghad, de na bearta feiceálachta seo a leanas a chur chun feidhme:

i. Cuid nó bailiúchán saothar Eorpach tiomnaithe, atá in-sainaitheanta go soiléir amhlaidh agus atá inrochtana go díreach ón leathanach baile nó ó leathanach iontrála príomha coibhéiseach;

ii. saothar Eorpach a áireamh i réimsí sonraithe, léirithe, promóisin nó aibhsithe (amhail bratacha, timpealláin, sliotáin mholta, threochtáilte nó phromóisin chomhchosúla);

iii. léirithe eagarthóireachta (e.g. bailiúcháin théamacha, seinnliostaí nó moltaí) lena gcinntítear léiriú cothrom agus marthanach ar shaothair Eorpacha i gcomparáid le hinneachar neamh-Eorpach;

iv. sásraí algartamacha nó molta eile atá deartha, cumraithe nó calabraithe chun leibhéal infheictheachta a thabhairt do shaothair Eorpacha, leibhéal atá réasúnach agus comhréireach, ag féachaint do sciar foriomlán na saothar Eorpach sa chatalóg;

v. beart eile lena bhfeabhsaítear go follasach infheictheacht agus infhionntacht saothar Eorpach i gcomhréir le hAithris 35 AVMSD.

9.4 Faoi réir chomhlíonadh Rialacha 9.2 agus 9.3, ní chuirtear bac ar sholáthraithe físeáin ar éileamh cineálacha eile beart feiceálachta a chur chun feidhme de réir mar is cuí leo.

9.5 Maidir leis na bearta a cheanglaítear faoin Riail seo:

a) Cuirfear i bhfeidhm iad go comhsheasmhach ar feadh na bliana. Mar sin féin, ní chuirfear bac leis sin ar chuir chuige bhreise nó nuálacha a úsáid chun saothair Eorpacha a chur chun cinn, ar choinneáil go leanfar de cheanglais na Rialach seo a chomhlíonadh;

b) Cuirfear chun feidhme iad ar bhealach atá neodrach go teicneolaíoch agus lena n-urramaítear éagsúlacht dearaí seirbhíse; agus

c) Dearfar iad ionas go mbeidh feiceálacht saothar Eorpach fíor, marthanach agus infhíoraithe seachas a bheith foirmiúil nó ainmniúil agus sin amháin.

9.6 Féadfaidh an Coimisiún comhlíonadh na Rialach seo a fhíorú ach:

a) Athbhreithniú a dhéanamh ar sheatanna den scáileán, gabhálacha comhéadain nó cuntais tástála;

b) Scrúdú a dhéanamh ar shleachta meiteashonraí nó doiciméadacht chumraíochta;

c) Breithniú a dhéanamh ar anailísíocht nó táscairí feidhmíochta; agus

d) Spotseiceálacha, cigireachtaí nó iniúchtaí a dhéanamh ar sheirbhísí ar leith.

9.7 Chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh alt 159C(1) den Acht, féadfaidh an Coimisiún measúnú a dhéanamh ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh bearta iomchuí agus comhréireacha chun feiceálacht saothar Eorpach a chinntiú laistigh de gach catalóg, lena n-áirítear comhlíonadh Riail 9.1, trí thagairt d'fhaisnéis a chuireann an soláthraí isteach tríd an tuarascáil chomhlíontachta bhliantúil. Mar chuid de sin, féadfar a áireamh faisnéis a bhaineann le comhdhéanamh na catalóige ag pointí tagartha sonracha nó ar feadh tréimhsí tagartha sainithe le linn na bliana tuairiscithe, arna chinneadh ag an gCoimisiún tríd an teimpléad tuairiscithe nó trí threoir a ghabhann leis sin.

9.8 Féadfaidh an Coimisiún treoir a eisiúint maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na n-oibleagáidí feiceálachta chun tacú leis na Rialacha sin a chur chun feidhme go comhsheasmhach agus le hailíniú le treoir agus dea-chleachtas rialála an Choimisiúin Eorpaigh.

DRAFT

# 10. Díolúintí

**10.1 Díolúintí**

10.1.1 Féadfaidh soláthraí físeáin ar éileamh, i leith catalóg ar leith, cur isteach ar dhíolúine ón méid seo a leanas:

a) Na hoibleagáidí sciar in alt 159B(1) agus Riail 9; agus/nó

b) Na hoibleagáidí feiceálachta in alt 159C(1) agus Riail 10.

I gcás ina gcomhlíonann an tseirbhís ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar amach i Rialacha 10.2 – 10.4

10.1.2 Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar incháilitheacht le haghaidh díolúine ar leithligh le haghaidh gach catalóige a thagann faoina dhlínse, gan beann ar láimhdeachas nó lucht féachana iomlán AE nó domhanda an tsoláthraí.

10.1.3 Ní bhaineann na Rialacha sin ach amháin le díolúintí ó na hoibleagáidí in alt 159B(1) agus 159C(1). Breithneofar aon díolúintí ó thobhach faoi alt 159E faoi rialacha ar leithligh agus ní chinntear iad leis na Rialacha seo.

## 10.2 Láimhdeachas Íseal

10.2.1 Measfar go mbeidh láimhdeachas íseal ag soláthraí físeáin ar éileamh i gcás nach sáraíonn an gnóthas a sholáthraíonn an tseirbhís, lena n-áirítear láimhdeachas aon chomhpháirtí nó fiontair nasctha i leith na seirbhíse sin, €2 mhilliún sa bhliain airgeadais roimhe sin.

10.2.2 Chun críocha Riail 10.2.1, tá an láimhdeachas teoranta d'ioncam a dhíorthaíonn ón tseirbhís físeáin ar éileamh féin (lena n-áirítear táillí síntiúis, ioncaim idirbheartaíochta agus ioncaim fógraíochta nó urraíochta a bhaineann leis na seirbhísí) agus ní áirítear ioncaim ó ghníomhaíochtaí gnó eile ann amhail seirbhísí leathanbhanda, teileafóin nó craolacháin neamhghaolmhara.

10.2.3 I gcás ina bhfuil an Coimisiún sásta gurb amhlaidh, i margadh closamhairc ábhartha ar leith, a sheasfadh láimhdeachas €2 mhilliún do 1% nó níos mó de na hioncaim mhargaidh iomlána le haghaidh seirbhísí inchomparáide, féadfaidh sé tairseach láimhdeachais níos ísle a chinneadh le haghaidh an mhargaidh sin, ar choinníoll go mbeidh an tairseach sin réasúnach, comhréireach agus comhsheasmhach le cuspóirí an Achta agus AVMSD. Beidh an cinneadh sin bunaithe ar an sciar den mhargadh atá ag an ngnóthas a sholáthraíonn an tseirbhís. Féadfaidh an Coimisiún treoir a sholáthar maidir le haon chinntí den sórt sin.

## 10.3 Lucht Féachana Íseal

10.3.1 Féadfar a mheas go bhfuil lucht féachana íseal ag catalóg i gcás ina léiríonn an soláthraí físeáin ar éileamh go bhfuil a sciar d'úsáideoirí gníomhacha sa mhargadh closamhairc ábhartha faoi bhun 1% le linn na tréimhse bliantúla ábhartha.

10.3.2 Chun críocha Riail 10.3.1:

a) Le haghaidh seirbhísí síntiúis físeáin ar éileamh, ríomhfar sciar an lucht féachana mar an céatadán de shíntiúsóirí a íocann táille leis na seirbhísí i gcomparáid leis an líon iomlán de shíntiúsóirí a íocann táille le seirbhísí inchomparáide físeáin ar éileamh sa mhargadh closamhairc ábhartha.

b) Le haghaidh seirbhísí físeáin ar éileamh idirbheartaíochta, ríomhfar sciar an lucht féachana ar bhonn líon na gcuntas custaiméara uathúil a cheannaíonn teideal amháin ar a laghad, i gcomparáid le líon iomlán na gcuntas custaiméara sin ar fud seirbhísí idirbheartaíochta físeáin ar éileamh sa mhargadh closamhairc ábhartha;

c) Le haghaidh seirbhísí físeáin ar éileamh atá bunaithe ar fhógraíocht/seirbhísí físeáin ar éileamh atá saor in aisce, ríomhfar sciar an lucht féachana mar an meánlíon úsáideoirí uathúla a fhaigheann rochtain ar inneachar closamhairc na seirbhíse ar feadh na tréimhse ábhartha, i gcomparáid le líon iomlán na n-úsáideoirí sin ar fud seirbhísí físeáin ar éileamh atá bunaithe ar fhógraíocht/seirbhísí físeáin ar éileamh atá saor in aisce, sa mhargadh closamhairc ábhartha.

10.3.3 Agus sciar an lucht féachana á chinneadh, féadfaidh an Coimisiún aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:

a) Sonraí a chuireann an soláthraí físeáin ar éileamh isteach lena n-áirítear anailís inmheánach;

b) Sonraí neamhspleácha maidir le tomhais an lucht féachana, i gcás ina bhfuil fáil orthu; agus

c) Athróga ionadacha réasúnacha (amhail an sciar ama den lucht féachana, cóimheasa síntiúis, iomlána idirbheartaíochta nó sciartha den taispeáint fógraíochta) i gcás nach bhfuil sonraí iomlána den lucht féachana ar fáil ar choinníoll go mbeidh na hathróga ionadacha sin trédhearcach, infhíoraithe agus iomchuí maidir leis an tsamhail ghnó lena mbaineann.

10.3.4 Féadfaidh an Coimisiún treoir bhreise a eisiúint i ndáil leis an díolúine sin.

## 10.4 Ábhar Cúng agus Díolúintí Reachtúla Eile

10.4.1 I gcomhréir le halt 159I(1)-(2) den Acht, féadfaidh an Coimisiún catalóg a dhíolmhú go hiomlán nó go páirteach ó na hoibleagáidí in alt 159B(1) agus/nó 159C(1) i gcás ina mbeadh sé dofheidhmithe nó neamh-chomhfhadaithe de dheasca chineál na seirbhíse nó théama ginearálta na gclár closamhairc a sholáthraítear.

10.4.2 I bhfeidhmiú na lánrogha sin, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar cé acu is fíor nó nach fíor an méid seo a leanas maidir le hinneachar ar an tseirbhís:

a) Déileáiltear le hábhar cúng ar féidir nach mbeidh sé chun leas ginearálta an lucht féachana; nó

b) Is féidir go ndéanfar díobháil d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí, lena n-áirítear cláir ina bhfuil foréigean nó pornagrafaíocht gan ghá.

10.4.3 Gan dochar do ghinearáltacht Riail 10.4.2, féadfar díolúintí ábhair chúing a bhreithniú sna cásanna seo a leanas:

a) Tá catalóg na seirbhíse tiomnaithe do réimse téamach atá an-speisialaithe (mar shampla inneachar seánra aonair, nó inneachar teicniúil, gairmiúil nó oideachasúil speisialtóra ar leith) inarb amhlaidh atá infhaighteacht na saothar Eorpach laistigh den téama sin íseal ó nádúr.

b) Níor dearadh an tseirbhís le haghaidh úsáid siamsaíochta ghinearálta, agus ní ailíneodh cuimsiú ná cur chun cinn saothar Eorpach le hionchais úsáideoirí ná rún eagarthóireachta; nó

c) Tagann an t-inneachar a thairgtear laistigh de sheánraí srianta nó cosanta (lena n-áirítear inneachar do dhaoine fásta amháin) ina bhfuil infhaighteacht saothar Eorpach teoranta nó srianta, ó thaobh struchtúir de, le coimircí rialála eile.

10.4.4 Ní mór do sholáthraithe a lorgaíonn díolúine faoi Riail 10.4.1 fianaise a sholáthar lena léirítear an méid seo a leanas:

a) Speisialtóireacht théamach: doiciméadacht ar shainordú na seirbhíse ag a bhfuil cuspóir eagarthóireachta, atá dírithe ar sheánra nó inneachar;

b) Struchtúr na catalóige: faisnéis maidir le comhdhéanamh na catalóige, lena n-áirítear cion na saothar laistigh den réimse ábhair chúing agus a indéanta atá sé saothair Eorpacha a áireamh;

c) Suí sa mhargadh: fianaise nach bhfuil an tseirbhís dírithe ar lucht féachana ginearálta agus go bhfuil sí éagsúil go hábhartha le seirbhísí siamsaíochta príomhshrutha; agus

d) Breithnithe comhréireachta: measúnú ar cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, dá bhforchuirfí an cuóta 30% agus/nó oibleagáidí feiceálachta, a d'athrófaí cineál na seirbhíse, a bhainfí an bonn di nó a bheifí díréireach léi, ar bhealach bunúsach, ag féachaint do na critéir reachtúla in alt 159I(2).

10.4.5 Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, a chinneadh ar a thionscnamh féin go bhfuil seirbhís nó catalóg ar leith díolmhaithe faoi alt 159I(1), gan iarratas foirmiúil a éileamh ar an soláthraí, i gcás ina bhfuil cineál nó téama na seirbhíse ina fhianaise shoiléir (mar shampla, i gcás seirbhísí áirithe do dhaoine fásta amháin), ar choinneáil go ndéanfaidh an Coimisiún taifead den bhonn leis an gcinneadh sin.

**10.5 Corparáid (dá ngairtear Meán Seirbhíse Poiblí)**

10.5.1 Agus breithniú á dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart díolúine a dheonú faoi Rialacha 10.2, 10.3 nó 10.4 i leith seirbhís meán seirbhíse poiblí, tabharfaidh an Coimisiún aird ar an méid seo a leanas:

a) An t-iarratas reachtúil ar shainchúram seirbhíse poiblí chuig an soláthraí faoin Acht;

b) Aon oibleagáidí inneachair, cultúrtha nó feiceálachta atá ann cheana agus a fhorchuirtear ar an soláthraí faoi dhlí na hÉireann nó faoi dhlí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear oibleagáidí a bhaineann le hinfheictheacht agus inrochtaineacht inneachair seirbhíse poiblí; agus

c) Ról na meán seirbhíse poiblí chun saothair Eorpacha, éagsúlacht chultúrtha agus iolrachas na meán a chur chun cinn; agus

d) Ról na meán seirbhíse poiblí chun iolrachas a chur chun cinn.

10.5.2 Ag féachaint do na hábhair a leagtar amach i Riail 10.5.1, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh nach mbeadh díolúine ó na hoibleagáidí in alt 159B(1) agus/nó 159C(1) den Acht iomchuí i leith seirbhís meán seirbhíse poiblí, d'ainneoin go mb'fhéidir go gcomhlíonfadh an tseirbhís na critéir le haghaidh díolúine faoi na Rialacha sin ar shlí eile.

10.5.3 Ní ghlactar aon ní sa Riail seo mar ní lena gcuirtear bac ar an gCoimisiún díolúine a dheonú do sheirbhís meán seirbhíse poiblí i gcás ina bhfuil sé sásta, ar bhonn na fianaise os a chomhair, go bhfuil údar maith leis an díolúine, go bhfuil sé comhréireach agus comhsheasmhach le cuspóir an Achta agus AVMSD.

# 11. Faireachán agus Tuairisciú

### 11.1 Tuarascáil Chomhlíontachta Bhliantúil

11.1.1 Cuirfidh gach soláthraí físeáin ar éileamh tuarascáil chomhlíontachta bhliantúil maidir le saothair Eorpacha faoi bhráid an Choimisiúin i leith gach seirbhíse cláraithe agus gach catalóige a thagann faoi dhlínse an Choimisiúin.

11.1.2 Cuirfear an tuarascáil chomhlíontachta bhliantúil isteach faoi dheireadh R1 gach bliain agus cumhdófar an bhliain féilire roimhe sin léi.

11.1.3 Cuirfear an tuarascáil i gcrích agus teimpléad tuairiscithe caighdeánach arna sholáthar ag an gCoimisiún á úsáid.

11.1.4 Gan dochar do ghinearáltacht Riail 11.1.1, is féidir go gceanglófar ar sholáthraithe leis an teimpléad tuairiscithe faisnéis a chur isteach maidir le comhdhéanamh na catalóige agus feiceálacht saothar Eorpach ag pointí nó tréimhsí sonraithe ar feadh na bliana tuairiscithe, d'fhonn comhlíonadh leanúnach na n-oibleagáidí in alt 159B(1) agus 159C(1) den Acht agus sna Rialacha seo a léiriú.

11.1.5 Féadfaidh an Coimisiún, ó am go chéile, an méid seo a leanas a chinneadh agus a nuashonrú tríd an teimpléad tuairiscithe nó treoir a ghabhann leis:

a) An líon pointí tagartha tuairiscithe atá le húsáid le linn na bliana;

b) Cé acu atá nó nach bhfuil na pointí tagartha sin bunaithe ar dhátaí, tréimhsí ionadaíocha nó modheolaíochtaí samplála sainithe eile; agus

c) An cineál agus an leibhéal mionsonraithe atá le soláthar i leith gach pointe tagartha.

11.1.6 Cinnteoidh soláthraí físeáin ar éileamh go mbeidh an fhaisnéis a chuirtear isteach i leith gach pointe tagartha cruinn, iomlán agus infhíoraithe, agus go gcoinneofar taifid chuí i gcomhréir le Rialacha a dhéantar faoi alt 159B(6) agus 159C(6) den Acht.

### 11.2 Tuairisciú le haghaidh Díolúintí



DRÉACHT

11.2.1 Maidir le soláthraí físeáin ar éileamh a fhéachann le bheith ag brath ar dhíolúine faoi Riail 10, áireoidh sé nó sí fianaise ina thuarascáil nó ina tuarascáil chomhlíontachta bhliantúil i gcomhréir le horduithe arna n-eisiúint ag an gCoimisiún, nó cuirfidh sé nó sí isteach ar leithligh í, ar fianaise í lena dtacaítear leis an mbonn leis an díolúine, lena n-áirítear, mar is infheidhme:

a) Sonraí láimhdeachais agus sonraí margaidh a bhaineann leis an ngnóthas a sholáthraíonn an tseirbhís, le haghaidh díolúintí láimhdeachais ísil;

b) Méadracht an lucht féachana nó athróga ionadacha réasúnacha, i dteannta míniú ar an modheolaíocht a úsáideadh, le haghaidh díolúintí lucht féachana ísil; agus

c) Doiciméadacht a bhaineann le comhdhéanamh catalóige, le cuspóir eagarthóireachta, le suí sa mhargadh nó le saintréithe seirbhíse le haghaidh ábhar cúng nó díolúintí reachtúla eile.

11.2.2 Féadfaidh an Coimisiún cibé faisnéis, mínithe nó ríomhanna breise a iarraidh a mheasann sé is gá le réasún chun measúnú a dhéanamh ar incháilitheacht le haghaidh díolúine.

11.2.3 Ní bheidh feidhm ag díolúine a dheonaítear faoi na Rialacha seo ach amháin maidir leis an gcatalóg agus leis an tréimhse thuairiscithe lena mbaineann sí, mura sonraíonn an Coimisiún a mhalairt.

**11.3 Faireachán agus Fíorú**

11.3.1 Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chomhlíonadh alt 159B agus 159C den Acht agus na Rialacha seo ar bhealach comhréireach, trédhearcach agus fianaisebhunaithe, ag féachaint do chineál, scála agus próifíl riosca na seirbhíse lena mbaineann.

11.3.2 Féadfar na próisis, na modheolaíochtaí agus na bearta fíorúcháin a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh a leagan amach i dtreoir a eisíonn an Coimisiún agus féadfar iad a nuashonrú ó am go chéile.

11.3.3 Tá faireachán ina fheidhm mhaoirseachta atá difriúil le forfheidhmiú. I gcás ina sainaithnítear neamhchomhlíonadh féideartha le faireachán, is iondúil go bhféachann an Coimisiún le haghaidh a thabhairt ar an ábhar trí rannpháirteachas agus bearta ceartaitheacha roimh ghéarú a bhreithniú faoi Chuid 8B den Acht. Ní chuirtear bac leis sin ar an gCoimisiún gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a thionscnamh faoi Chuid 8B gan rannpháirteachas roimh ré i gcás inarb iomchuí.

11.3.4 Chun críocha alt 159B(6) agus 159C(6) den Acht, coinneoidh soláthraí físeáin ar éileamh cibé taifid agus córais is gá le réasún chun a léiriú go bhfuil na Rialacha seo á gcomhlíonadh, i gcomhréir le haon cheanglais a leagtar amach sa treoir a eisíonn an Coimisiún.

# 12. Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

12.1 Féadfaidh an Coimisiún cibé bearta atá ar fáil dó faoin Acht a dhéanamh chun faireachán, imscrúdú agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí agus na Rialacha seo.

12.2 Gan dochar do ghinearáltacht Riail 12.1, i gcás ina mainníonn soláthraí físeáin ar éileamh na hoibleagáidí reachtúla in alt 159B agus 159C den Acht a chomhlíonadh, nó Rialacha a dhéantar faoi na hailt sin a chomhlíonadh, is féidir go n-eascróidh gníomhaíocht forfheidhmiúcháin as sin i gcomhréir le Cuid 8B den Acht.

12.3 I bhfeidhmiú a fheidhmeanna forfheidhmiúcháin, gníomhóidh an Coimisiún ar bhealach atá dleathach, comhréireach agus cothrom ó thaobh nósanna imeachta de, ag féachaint do chineál agus tromchúis aon neamhchomhlíonta fhollasaigh agus aon bheart arna ndéanamh ag an soláthraí chun é a leigheas.

# 13. Athbhreithniú ar na Rialacha

13.1 Cuirtear tús leis na Rialacha seo an [CUIR ISTEACH AN DÁTA] agus Rialacha an Choimisiúin faoi Chuid 10 den Acht Craolacháin 2009 is teideal dóibh agus féadfar iad a leasú le cibé Rialacha breise nó eile a dhéanfaidh an Coimisiún ó am go chéile agus/nó féadfar na Rialacha breise nó eile sin a chur ina n-ionad.

13.2 Coimeádfaidh an Coimisiún na Rialacha seo faoi bhreithniú chun a chinntiú go leanfaidh siad de bheith éifeachtach, comhréireach agus comhsheasmhach le cuspóirí an Achta agus AVMSD.

13.3 Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus ag féachaint do threoir ábhartha arna heisiúint ag an gCoimisiún Eorpach, na Rialacha sin a leasú i gcás ina measann sé gur gá nó gurb iomchuí sin.

13.4 Déanfar athbhreithniú foirmiúil ar na Rialacha sin uair amháin gach cúig bliana ar a laghad, nó roimhe sin i gcás ina measann an Coimisiún gur gá nó gurb iomchuí sin, lena n-áirítear nuair a dhéantar athrú ábhartha ar an méid seo a leanas (ach gan bheith teoranta dó sin):

i. Dlí an Aontais Eorpaigh nó treoir atá ábhartha maidir le hAirteagal 13 AVMSD;

ii. Creat reachtúil nó rialála na hÉireann lena rialaítear seirbhísí meán closamhairc; nó

iii. Forbairt shuntasach i margadh na seirbhísí meán closamhairc lena ndéantar difear ábhartha d'oibriú na Rialacha seo.

DRAFT